Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2019
(OR. en)

7878/19
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0220(COD)**

CODEC 789
INST 91
POLGEN 60
AG 11

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

## Ráiteas ón gCoimisiún

Fáiltíonn an Coimisiún roimh an gcomhaontú ginearálta ar tháinig na comhreachtóirí air i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán nua maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Leis an Rialachán nua déantar freastal ar na hiarrataí ar ghníomhaíocht a rinne saoránaigh agus geallsealbhóirí chun rochtain ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a dhéanamh níos inrochtana, níos soláimhsithe agus an t-ualach oibre a bhaineann lena úsáid a laghdú d'eagraithe agus do shínitheoirí. Cruthaítear leis na dálaí chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh chun poitéinseal iomlán an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a bhaint amach mar uirlis chun plé agus rannpháirtíocht a chothú ar leibhéal an Aontais agus chun an tAontas a thabhairt níos gaire don saoránach.

Tá an Coimisiún suite dearfa fós dá thábhachtaí atá sé an aois chun tacú leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a ísliú go 16 bliana. Ba shaibhre an plé i measc an phobail ar chúrsaí an Aontais agus ba ghaire an tAontas do na glúine óga ach ligean do shaoránaigh óga na hEorpa a dtuairimí a thabhairt ar ar cheart don Aontas a dhéanamh. Féadann an aois íosta chun tacú le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, arb ionstraim neamhcheangailteach é, féadann sí a bheith difriúil ón aois íosta chun vóta a chaitheamh. Is oth leis an gCoimisiún, mar sin de, nach ndéantar leis an gcomhaontú ar thángthas air an aois tacaíochta a ísliú go 16 bliana faoi mar a beartaíodh sa togra bunaidh. Mar sin féin, is díol sásaimh ag an gCoimisiún é go bhféadfaidh na Ballstáit, a bhuí leis an togra, an aois a ísliú más mian leo, agus iarrann an Coimisiún orthu déanamh amhlaidh a luaithe is féidir. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar a dtitfidh amach maidir leis an gceist seo ina athbhreithniú rialta ar an gcaoi a bhfuil an tionscnamh ag feidhmiú.

Maidir le córais bailithe ar líne ar leithligh, tá an Coimisiún suite dearfa fós dá thábhachtaí atá sé go mbeidh eagraithe in ann a gcórais bailithe ar líne féin a úsáid, chun solúbthacht agus éagsúlacht na gcóras bailithe a áirithiú. Is oth leis nach n-áiritheofar leis an gcomhaontú go leanfar de na córais bailithe ar líne ar leithligh in ainneoin a mhéad tiomantais agus tacaíochta a léirigh na geallsealbhóirí do na córais sin. Áiritheoidh an Coimisiún go rachfar i mbun comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí maidir leis na forbairtí agus na feabhsuithe a dhéanfar ar an lárchóras nua bailithe ar líne don Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh d'fhonn na moltaí agus na hábhair imní atá acu a chur san áireamh.